RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1718 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2197 ón gCoimisiún maidir le hairgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le chéile i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 354(3), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go déanfaidh na péirí airgeadraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2197 ([2]) ón gCoimisiún an comhghaol iarbhír idir na hairgeadraí ábhartha a léiriú, is gá liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le chéile a thabhairt cothrom le dáta, bunaithe ar na sonraí is déanaí. Déanann na sonraí sin tagairt don 31 Márta 2023 sa liosta mar dháta deiridh chun na sraitheanna sonraí 3 bliana agus 5 bliana a ríomh, sraitheanna sonraí a bhfuil gá leo chun measúnú a dhéanamh ar na péirí airgeadraí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2197 a leasú dá réir.

(3) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).

(4) Ní bhaineann na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2197 le hathruithe suntasacha i dtéarmaí substainteacha, ach ní dhéanann siad ach an mhodheolaíocht a bunaíodh cheana sa Rialachán sin a chur i bhfeidhm maidir le sraitheanna sonraí nuashonraithe. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), níl comhairliúchán poiblí oscailte seolta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ná níl anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, ós rud é go mbeadh comhairliúchán nó anailís den sórt sin an-díréireach i ndáil le raon feidhme agus tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme lena mbaineann. D'iarr ÚBE comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2197.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2197 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2015 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le hairgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le chéile i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 313, 28.11.2015, lch. 30).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le chéile

Cuid 1- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth leis an Euro (EUR)

Lek na hAlbáine (ALL), Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Dollar Cheanada (CAD), Franc na hEilvéise (CHF), Koruna Phoblacht na Seice (CZK), Dirham Mharacó (MAD), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Dollar Shingeapór (SGD).

Cuid 2- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dirham Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED)

Yuan na Síne (CNY), Dollar Hong Cong (HKD), Punt na Liobáine (LBP), Macau Pataca (MOP), Dollar Shingeapór (SGD), Dollar na Téaváine (TWD), Dollar na Stát Aontaithe (USD).

Cuid 3- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Lek na hAlbáine (ALL)

Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Lev na Bulgáire (BGN), Coróin na Danmhairge (DKK), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Dollar Shingeapór (SGD), Euro (EUR).

Cuid 4- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dollar na hAstráile (AUD)

Dollar na Nua-Shéalainne (NZD).

Cuid 5- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM)

Lek na hAlbáine (ALL), Lev na Bulgáire (BGN), Dollar Cheanada (CAD), Franc na hEilvéise (CHF), Koruna Phoblacht na Seice (CZK), Coróin na Danmhairge (DKK), Dirham Mharacó (MAD), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Dollar Shingeapór (SGD), Euro (EUR).

Cuid 6- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Lev na Bulgáire (BGN)

Lek na hAlbáine (ALL), Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Franc na hEilvéise (CHF), Yuan na Síne (CNY), Koruna Phoblacht na Seice (CZK), Punt na Breataine Móire (GBP), Dirham Mharacó (MAD), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Zloty na Polainne (PLN), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Dollar Shingeapór (SGD).

Cuid 7- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dollar Cheanada (CAD)

Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Dinar na Seirbia (RSD), Dollar Singeapór (SGD), Baht na Téalainne (THB), Euro (EUR).

Cuid 8- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Franc na hEilvéise (CHF)

Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Lev na Bulgáire (BGN), Coróin na Danmhairge (DKK), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Euro (EUR).

Cuid 9- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Yuan na Síne (CNY)

Dirham Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED), Lev na Bulgáire (BGN), Dollar Hong Cong (HKD), Dirham Mharacó (MAD), Macau Pataca (MOP), Dollar Shingeapór (SGD), Baht na Téalainne (THB), Dollar na Téaváine (TWD), Dollar na Stát Aontaithe (USD).

Cuid 10- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Koruna Phoblacht na Seice (CZK)

Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Lev na Bulgáire (BGN), Coróin na Danmhairge (DKK), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Euro (EUR).

Cuid 11- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Krone na Danmhairge (DKK)

Lek na hAlbáine (ALL), Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Franc na hEilvéise (CHF), Koruna Phoblacht na Seice (CZK), Punt na Breataine Móire (GBP), Dirham Mharacó (MAD), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Krona na Sualainne (SEK), Dollar Shingeapór (SGD), Baht na Téalainne (THB).

Cuid 12- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Punt na Breataine Móire (GBP)

Lev na Bulgáire (BGN), Coróin na Danmhairge (DKK).

Cuid 13- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dollar Hong Cong (HKD)

Dirham Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED), Yuan na Síne (CNY), Punt na Liobáine (LBP), Dirham Mharacó (MAD), Macau Pataca (MOP), Ringgit na Malaeisia (MYR), Dollar Shingeapór (SGD), Dollar na Téaváine (TWD), Dollar na Stát Aontaithe (USD).

Cuid 14- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Rupiah na hIndinéise (IDR)

Dollar Shingeapór (SGD).

Cuid 15- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Rúipí na hIndia (INR)

Dollar Shingeapór (SGD).

Cuid 16- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Won na Cóiré Theas (KRW)

Dollar na Téaváine (TWD).

Cuid 17- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Punt na Liobáine (LBP)

Dirham Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED), Dollar Hong Cong (HKD), Macau Pataca (MOP), Dollar Shingeapór (SGD), Dollar na Stát Aontaithe (USD).

Cuid 18- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dirham Mharacó (MAD)

Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Lev na Bulgáire (BGN), Yuan na Síne (CNY), Coróin na Danmhairge (DKK), Dollar Hong Cong (HKD), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Dollar Shingeapór (SGD), Dollar na Téaváine (TWD), Dollar na Stát Aontaithe (USD), Euro (EUR).

Cuid 19- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Denar na Macadóine Thuaidh (MKD)

Lek na hAlbáine (ALL), Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Lev na Bulgáire (BGN), Franc na hEilvéise (CHF), Coróin na Danmhairge (DKK), Dirham Mharacó (MAD), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Dollar Shingeapór (SGD), Euro (EUR).

Cuid 20- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Pataca Mhacao (MOP)

Dirham Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED), Yuan na Síne (CNY), Dollar Hong Cong (HKD), Punt na Liobáine (LBP), Dollar Shingeapór (SGD), Dollar na Téaváine (TWD), Dollar na Stát Aontaithe (USD).

Cuid 21- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Ringgit na Malaeisia (MYR)

Dollar Hong Cong (HKD), Dollar Shingeapór (SGD).

Cuid 22- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dollar na Nua-Shéalainne (NZD)

Dollar na hAstráile (AUD).

Cuid 23- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Zloty na Polainne (PLN)

Lev na Bulgáire (BGN), Leu na Rómáine (RON).

Cuid 24- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Leu na Rómáine (RON)

Lek na hAlbáine (ALL), Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Lev na Bulgáire (BGN), Franc na hEilvéise (CHF), Koruna Phoblacht na Seice (CZK), Krone na Danmhairge (DKK), Dirham Mharacó (MAD), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Zloty na Polainne (PLN), Dinar na Seirbia (RSD), Dollar Shingeapór (SGD), Baht na Téalainne (THB), Euro (EUR).

Cuid 25- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dinar na Seirbia (RSD)

Lek na hAlbáine (ALL), Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Lev na Bulgáire (BGN), Dollar Cheanada (CAD), Franc na hEilvéise (CHF), Koruna Phoblacht na Seice (CZK), Coróin na Danmhairge (DKK), Dirham Mharacó (MAD), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Leu na Rómáine (RON), Dollar Shingeapór (SGD), Euro (EUR).

Cuid 26- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Krona na Sualainne (SEK)

Coróin na Danmhairge (DKK).

Cuid 27- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dollar Shingeapór (SGD)

Dirham Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED), Lek na hAlbáine (ALL), Marg na Boisnia agus na Heirseagaivéine (BAM), Lev na Bulgáire (BGN), Dollar Cheanada (CAD), Yuan na Síne (CNY), Krone na Danmhairge (DKK), Dollar Hong Cong (HKD), Rupiah na hIndinéise (IDR), Rúipí na hIndia (INR), Punt na Liobáine (LBP), Dirham Mharacó (MAD), Denar na Macadóine Thuaidh (MKD), Pataca Mhacao (MOP), Ringgit na Malaeisia (MYR), Leu na Rómáine (RON), Dinar na Seirbia (RSD), Baht na Téalainne (THB), Dollar na Téaváine (TWD), Dollar na Stát Aontaithe (USD), Euro (EUR).

Cuid 28- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Baht na Téalainne (THB)

Dollar Cheanada (CAD), Yuan na Síne (CNY), Coróin na Danmhairge (DKK), Leu na Rómáine (RON), Dollar Shingeapór (SGD).

Cuid 29- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dollar nua na Téaváine (TWD)

Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED), Yuan na Síne (CNY), Dollar Hong Cong (HKD), Won na Cóiré Theas (KRW), Dirham Mharacó (MAD), Macau Pataca (MOP), Dollar Shingeapór (SGD), Dollar na Stát Aontaithe (USD).

Cuid 30- Liosta na n-airgeadraí atá comhghaolaithe go dlúth le Dollar na Stát Aontaithe (USD)

Dirham Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED), Yuan na Síne (CNY), Dollar Hong Cong (HKD), Punt na Liobáine (LBP), Dirham Mharacó (MAD), Macau Pataca (MOP), Dollar Shingeapór (SGD), Dollar na Téaváine (TWD).'